



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Aibreán 2022
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0099(COD)

8042/22
ADD 5

ENV 335
CLIMA 159
CODEC 469

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	6 Bealtaine 2022
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2022) 97 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le gáis ceaptha teasa fhluaínnithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 97 final.

Faoi iamh: SWD(2022) 97 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 5.4.2022
SWD(2022) 97 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ
TIONCHAIR**

[...]

a ghabhann leis an doiciméad

**Togra le haghaidh
RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le gáis ceaptha teasa fhluidínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus
lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014**

{COM(2022) 150 final} - {SEC(2022) 156 final} - {SWD(2022) 95 final} -
{SWD(2022) 96 final}

Bíonn **téamh aeráide** mar thoradh ar astaíochtaí ó gháis ceaptha teasa fhluaireínithe (F-gáis). Rannchuidiú tábhachtach is ea astaíochtaí den sórt sin a chosc chun **spriocanna aeráide an Aontais sa Chomhaontú Glas don Eoraip** agus ag teacht lenár ngealltanais faoi **Chomhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide** agus faoi **Phrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídionn an Ciseal Ózóin** lena rialaítear F-gáis. Tacóidh gníomhaíocht chost-éifeachtúil ar leibhéal an Aontais leis na Ballstáit a sprioc náisiúnta maidir le gás ceaptha teasa a bhaint amach faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill.

Is é **Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 maidir le gáis ceaptha teasa fhluaireínithe** príomhuirlis an Aontais chun astaíochtaí F-gás a sheachaint agus chun Prótacal Montréal a chomhlíonadh. **Ceimiceáin de dhéanamh an duine is ea F-gáis** a úsáidtear ar go leor cúiseanna éagsúla, e.g. mar chuisneáin i dtrealamh fuaraithe agus in aerchóiritheoirí lena n-áirítear teaschaidéil, sa táirgeadh ceimiceach, mar thiomántán i spraeanna asma nó mar ábhair inslithe i dtrealamh tarchurtha leictigh nó i gcúir i bhfoirgnimh. Tarlaíonn astaíochtaí nuair a tháirgtear na gáis, nuair a úsáidtear iad i dtáirgí nó i dtrealamh nó nuair a dhéantar na táirgí nó an trealamh sin a dhiúscairt.

Fuarthas amach i **meastóireacht** go laghdaítear astaíochtaí go suntasach leis an Rialachán maidir le F-gás agus go n-oibríonn sé go measartha maith. Mar sin féin, leis an Rialachán **ceanglaítear níos mó uailmhéine i bhfianaise sprioc aeráide 2030 an Aontais atá treisithe agus i bhfianaise na sprice aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050**. Thairis sin, **ní féidir comhlíonadh Phrótacal Montréal a áirithiú san fhadtéarmach** leis na rialacha atá ann faoi láthair. Tá roinnt **dúshlán ann freisin maidir le cur chun feidhme** lena n-áirítear an gá atá ann gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a stad, agus **roinnt bearnaí agus neamhéifeachtúlachtaí san fhaireachán**. Le hathbhreithniú tugtar deis feabhas a chur ar **shoiléireacht agus ar chomhleanúnachas** an Rialacháin le beartais eile.

Molfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán ar bhonn an measúnú tionchair seo. Cruthaíodh **Trí phacáiste roghanna** chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a aithnítear go pointí éagsúla. Le **Rogha 1** cuimsítear bearta lena n-áiríthítear **comhlíonadh Phrótacal Montréal, agus a fhéachann le hastaíochtaí agus feabhsuithe breise** a shábháil is féidir a dhéanamh ar **chostais agus ar iarracht íseal**. Le **Rogha 2** cuimsítear bearta, sa bhreis air sin, lena laghdaítear astaíochtaí a thuilleadh agus lena n-áiríthítear faireachán agus rialú níos cuimsithí, **a bhaineann le costais measartha**. Le **Rogha 3** cuimsítear gach beart a mheastar a bheith úsáideach agus indéanta go teicniúil, agus áirítear ann freisin na bearta sin a d'fhéadfadh a bheith ar **chostas ard nó ar ardiarracht**.

Is é Rogha 2 an rogha tosaíochta de mheascán beart. Is dealraitheach nach bhfuil an chéad rogha leordhóthanach sa chomhthéacs polaitiúil reatha toisc nach féidir leis níos mó astaíochtaí a shábháil ná an bhunlíne faoi 2050, d'ainneoin díolúine thábhachtach chainníochtúil a bhaint ó chóras na gcúótaí, agus is dealraitheach go bhfuil an tríú pacáiste róchostasach i gcomparáid leis na tairbhí a bhainfeadh leis, i.e. rogha lena bhfágfadh ualach an-ard ar roinnt fo-earnálacha agus nach mbeadh ach beagán laghdaithe breise mar thoradh air i gcomparáid le Rogha 2.

I gcomparáid leis an lá atá inniu ann, le **Rogha 2** cuirfear srian bhreise ar mhéid an chuóta a bheidh ar fáil chun hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh gach bliain go dtí 2050, beidh ar tháirgeoirí agus ar allmhaireoirí an Aontais tosú ag íoc as a gcearta cuóta. Thairis sin tiocfaidh roinnt cineálacha trealaimh nua faoi réir toirmisc maidir le F-gáis (e.g. aerchóiriú agus lascthrealamh) agus leathnaítear bearta coiscthe maidir le hastaíochtaí. Le Rogha 2 ailíneofar an Rialachán le Prótacal Montréal trí roinnt díolúintí a bhaint, trí tháirgeadh a chéimniú síos maidir le hidreafluaracarbóin, agus trí dheireadh a chur le trádáil le neamh-Pháirtithe sa Phrótacal ó 2028 ar aghaidh. Thairis sin, tabharfar isteach ceanglais shonracha maidir le próisis chustaim agus oibreoirí eacnamaíocha chun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a chosc, agus cuirfear oiliúint níos leithne ar phearsanra na seirbhíse trealaimh maidir le teicneolaíochtaí malartacha. Ar deireadh, beidh gníomhaíochtaí faireacháin agus tuairiscithe cuideachtaí níos iomláine agus níos oiriúnaí don fheidhm.

Le Rogha 2, déanfar astaíochtaí arb ionann iad agus 40 MtCO₂e faoi 2030 agus 310 MtCO₂e faoi 2050 a choigilt, anuas ar an méid a bhainfeadh an Rialachán reatha amach (i.e. coigilteas de 430 agus 1990 MtCO₂e faoi seach). Cé go mbeidh méadú ar phraghsanna hidreafluaracarbón i ndán do roinnt úsáideoirí trealaimh mar gheall ar theorainneacha cuótaí níos déine, mar thoradh ar Rogha 2 tríd is tríd, sábhálfar costais d'úsáideoirí trealaimh san fhadtearma mar gheall ar choigiltis fuinnimh. Tiocfaidh méadú measartha ar na costais riaracháin do thionscal, na Ballstáit agus don Choimisiún, go háirithe maidir le bearta chun iad a ailíniú leis na rialacha leis na rialacha idirnáisiúnta agus chun rialuithe níos fearr a bhaint amach.

Mar fhreagairt don ghéarchéim gáis nádúrtha mar gheall ar imeachtaí geopholaitiúla a tharla le déanaí, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leathadh amach teaschaidéal a chur chun cinn. Cé go bhfuil sé tábhachtach éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus teorainn a chur le hastaíochtaí díreacha F-gáis teaschaidéal, leis an gcóras cuóta i Rogha 2, cuirtear corrlach leordhóthanach ar fáil leis an bhfás níos airde sin, fiú má mheastar tiontú beagán níos moille ar theaschaidéil bheaga go dtí roghanna malartacha atá neamhdhíobhálach don aeráid.

Dá bhrí sin, dealraíonn sé go bhfuil an céimniú síos i gcomhréir leis na spriocanna don fhuinneamh in-athnuaite, fiú más rud é go bhfuil an fás teaschaidéil i bhfad níos airde a theastaíonn i bhfianaise na géarchéime fuinnimh gáis nádúrtha atá ann faoi láthair agus, mar gheall air sin, tiontú beagán níos moille ar theaschaidéil bheaga go roghanna malartacha atá neamhdhíobhálach don aeráid á chur san áireamh.

Chuathas i gcomhairle go forleathan le páirtithe leasmhara. Aontaíonn siad gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán anois agus gur cheart go dtógfadh an t-athbhreithniú ar na bearta reatha. Tacaíonn an tionscal, na Ballstáit agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, go ginearálta, leis na bearta lena dtugtar aghaidh ar na dúshlán atá ann maidir le cur chun feidhme agus comhlíonadh Phrótacal Montréal. Maidir leis an leibhéal uaillmhéine le haghaidh an chéimnithe síos agus toirmeasc HFC, go

háirithe maidir le húsáid F-gáis i dteaschaidéil, measann roinnt páirtithe leasmhara go bhfuil an Rialachán atá ann faoi láthair uailmhianach go leor, cé go nuálaithe agus monaróirí teicneolaíochtaí atá neamhdhíobhálach don aeráid ag brú ar thiománaithe beartais níos láidre chun a réitigh a chur ar an margadh. Tacaíonn eagraíochtaí neamhrialtasacha agus go leor údarás inniúil leis an dara ceann freisin. Léirítear é sin sna trí rogha a scrúdaíodh.